Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**8952/18**

**DEVGEN 65**
**RELEX 405**
**ASIE 23**
**COASI 126**
**FIN 385**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Bealtaine 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7952/18 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Chúirt na Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 4/2018 ar Chúnamh an Aontais do Mhaenmar/Burma<br>- Conclúidí na Comhairle (22 Bealtaine 2018) |

Feicfidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn conclúidí na Comhairle ar Thuarascáil Speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 4/2018 ar Chúnamh an Aontais do Mhaenmar/Burma, mar a bhí glactha ag an gComhairle ag an 3618ú cruinniú dá cuid an 22 Bealtaine 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí na Comhairle**
**ar Thuarascáil Speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 4/2018 ar Chúnamh an Aontais do Mhaenmar/Burma**[1]

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar Chúnamh an Aontais do Mhaenmar/Burma sa tréimhse 2012-2016. Leagann an Chomhairle béim ar ábharthacht mholtaí agus chonclúidí na Cúirte, go háirithe go raibh an comhar don fhorbairt a thug an tAontas don tír éifeachtach go páirteach. Tugann an Chomhairle dá haire freisin na freagraí ó SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin.

2. Tá seasamh na Comhairle maidir leis an gcás i Maenmar/Burma leagtha síos i gconclúidí na Comhairle ón 26 Feabhra 2018.[2]

3. Tugann an Chomhairle dá haire, maidir le cuspóirí a bhaint amach, gur baineadh amach torthaí maithe in ainneoin an chomhthéacs dheacair; ach níor bhain ach leath de na tionscadail na torthaí beartaithe amach tráth déanta an iniúchta, mar thoradh ar mhoilleanna i gcur chun feidhme.

4. Tugann an Chomhairle dá haire, de réir bhreithiúnas na Cúirte, gur thug an tAontas freagra tapa ar na hathruithe polaitiúla sa tír agus gur imir sé ról tábhachtach ceannaireachta maidir le tacú leis na tosaíochtaí forbraíochta i gcomhthéacs deacair agus é ag leithdháileadh maoiniú suntasach le freastal ar riachtanais na tíre. Mar sin féin, tugann an Chomhairle dá haire tuairim na Cúirte go bhfuil gá díriú ar na réimsí tacaíochta ar bhealach níos fearr chun tionchar cúnaimh sheachtraigh an Aontais i Maenmar/Burma a mhéadú. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart don Choimisiún aird níos mó a thabhairt don tiomsú ioncaim intíre.

---

[1] 6465/18
[2] 6418/18

5. Is díol béime ag an gComhairle an tábhacht a bhaineann leis an nasc idir an daonnúlacht agus an fhorbairt a oibríochtú, ar roghnaíodh Maenmar/Burma le bheith ar cheann de na sé thír phíolótacha. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún comhordú níos fearr a áirithiú idir a chuid seirbhísí d'fhonn sineirgí a neartú idir cúnamh daonnúil agus comhar um fhorbairt, agus dul i dteagmháil leis na Ballstáit agus faisnéis a chur ar fáil dóibh maidir leis na cláir atá le cur chun feidhme go rialta agus go tráthúil. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé cur chuige comhthéacs-sonrach a bheith ag an Aontas agus an nasc idir an daonnúlacht agus an fhorbairt á chur chun feidhme aige.

6. Tugann an Chomhairle dá haire toradh na Cúirte gur beag an tionchar a bhí ag forálacha rialaithe costas chonarthaí an Aontais-na Náisiún Aontaithe, agus í ag tabhairt dá haire chomh maith gurb é dearcadh an Choimisiúin go bhfuil an caiteachas ag teacht leis na rialacha airgeadais is infheidhme de chuid an Aontais. Molann an Chomhairle don Choimisiún a áirithiú go bhfuil rannchuidithe an Aontais le cistí iontaobhais á mbainistiú ag na Náisiúin Aontaithe costéifeachtach. Thairis sin, tugann an Chomhairle dá haire toradh na Cúirte gur úsáid an Coimisiún forálacha na nósanna imeachta conarthaí géarchéime go ró-fhorleathan, agus í ag aithint fhírinniú an Choimisiúin chomh maith, is é sin, gur chuir sé na forálacha i bhfeidhm i líon teoranta cásanna agus é ag cloí go hiomlán leis na rialacha is infheidhme.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle na héachtaí a rinneadh go dtí seo maidir leis an bpróiseas clársceidealú comhpháirteach i Maenmar/Burma. Maidir le cistiú a dháileadh d'earnálacha lárnacha agus do ghníomhaíochtaí aonair, áitíonn sí ar an gCoimisiún agus SEGS údar níos cuí a bheith ag gabháil leis agus é a thaifeadadh ar bhealach níos fearr. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé faireachán iontaofa a bheith ann agus na táscairí iomchuí a bheith in úsáid.

8. Iarrann an Chomhairle ar Sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS feiceálacht níos fearr a áirithiú do chúnamh seachtrach an Aontais i Maenmar/Burma, lena n-áirítear trí oibriú i gcomhair le Ballstáit an Aontais.